# Uimhirmheá

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – airíonna uimhris<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha go 99, suimigh, cothromaigh, réidh, corr, cothrom le, níos mó ná, níos lú ná, níos troime, níos éadroime, níos airde, níos ísle, níos mó, níos lú, iolraí, fachtóir, inbhéartach, dealaigh |
| **Áiseanna** | Uirlis Uimhirmheá Mol Mata, peann luaidhe, páipéar, clár bán |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ar Uirlis Uimhirmheá Mol Mata taispeáin sprioc uimhir le haon suimithe leis an uimhirmheá. Iarr ar na daltaí an uimhir atá ar iarraidh a oibriú amach. Iarr orthu an tslí ar oibrigh siad an freagra amach a phlé.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaíonn daltaí a gcuid uimhirmheánna taobh istigh de 99. Fiosraíonn siad airíonna na n-uimhreacha ar na meánna. Chun cabhrú leo é sin a dhéanamh, seans go gcuirfidh an múinteoir ceisteanna cosúil le '*Cad a tharlaíonn nuair a shuimítear corruimhir le ré-uimhir?*' nó '*Cad a tharlaíonn nuair a shuimítear dhá chorruimhir le chéile?*'

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí a gcuid uimhirmheánna féin. Iarrann siad ar a gcomhscoláire na rudaí atá i bpáirt ag uimhreacha difriúla ar a gcuid meánna a shainaithint. Mar shampla, is iolraithe de 5 iad na huimhreacha ar fad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
| --- | --- |
| • Cén uimhir atá ar iarraidh ón taobh seo?<br>• Cén uimhir a shuimíonn muid leis seo chun x a dhéanamh?<br>• Conas is féidir linn a sheiceáil gurb í seo an uimhir cheart gan suimiú a úsáid?<br>• Cad a tharlaíonn don taobh eile seo nuair a ardaímid/laghdaímid an uimhir ar thaobh amháin? | • Cén fáth a bhfuil sé cothrom nuair a shuimímid an uimhir sin?<br>• Cén fáth nach bhfuil sé cothrom nuair a shuimímid an uimhir sin?<br>• Cad a fuair tú amach faoi na huimhreacha ar d'uimhirmheá?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na huimhreacha seo do d'uimhirmheá?<br>• Cad atá i bpáirt ag na huimhreacha ar uimhirmheá do charad? Conas atá siad difriúil?<br>• Cad a tharlaíonn nuair a úsáideann tú ______ uimhreacha ar do mheá? Mar shampla, corr/ré-/iolraithe. |

## Difreáil

Socraigh uimhreacha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.